Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11136/26**

**ECOFIN 926**
**UEM 330**
**SOC 455**
**EMPL 257**
**COMPET 870**
**ENV 846**
**EDUC 312**
**ENER 468**
**JAI 906**
**GENDER 143**
**JEUN 186**
**SAN 544**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Slóivéine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 224 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Slóivéine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Slóivéine 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an tSlóivéin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhun eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an tSlóivéin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an tSlóivéin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an tSlóivéin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Slóivéine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Slóivéine[4]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 5,6 % in 2025, 4,4 % in 2026, 4,1 % in 2027 agus 4,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 12,1 % in 2025, 17,0 % in 2026, 21,8 % in 2027 agus 26,6 % in 2028.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Tá sé iarrtha ag an gCoimisiún ar na Ballstáit go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach () agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón tSlóivéin, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don tSlóivéin imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[5]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an tSlóivéin in ann tosaíochtaí an chaiteachais rialtais a athrú nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas marthanach níos airde ar an gcosaint.

---

4 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Slóivéine (IO C, C/2025/640, 10.2.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/640/oj).

5 Moladh ón gComhairle lena gceadaítear don tSlóivéin imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú) (IO C, C/2025/3973, 20.8.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3973/oj).

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an tSlóivéin Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[6] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Slóivéine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) In 2025, ba é 1,1 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,5 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,9 % in 2026 agus faoi 2,3 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,5 % ann in 2026 agus 2,5 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[7], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Slóivéine ó easnamh 0,9 % de OTI in 2024 go heasnamh 2,5 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 méadú buan ar an gcaiteachas reatha, leibhéal infheistíochta poiblí níos airde ná riamh agus moilliú timthriallach ar ioncam. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 3,3 % de OTI in 2026 agus 3,5 % de OTI in 2027. Léiríonn an méadú in 2026 den chuid is mó méadú ar an gcaiteachas reatha arna spreagadh ag tomhaltas idirmheánach rialtais, sochair shóisialta agus pá poiblí. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2027 dul in éag aistrithe AE ó dheontais STA mar aon le hardleibhéal marthanach infheistíochtaí poiblí.

---

6 D’ullmhaigh an rialtas a bhí ag dul as oifig Tuarascáil Bhliantúil 2026 na Slóivéine ar Dhul Chun Cinn i gcás nach mbeadh aon athrú beartais ann. Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

7 Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.

(11) An 11 Bealtaine 2026, tar éis scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, ghlac an Tionól Náisiúnta bearta breise lenar méadaíodh an t-easnamh, i réimsí na cánach ioncaim phearsanta, na ranníocaíochtaí sóisialta, na gcánacha ar tháirgí agus na n-aistrithe sóisialta, a measann an Coimisiún go mbeidh costas buiséadach iomlán idir 0,5 % agus 1,0 % de OTI ag baint leo in 2026. Meastar nach bearta sealadacha a bheidh i bhformhór na mbeart sin agus mhéadóidís an t-easnamh in 2026 agus ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, d'ullmhaigh an rialtas a bhí ann roimhe seo roinnt beart coigiltis, arb é is aidhm dóibh an t-easnamh rialtais a laghdú faoi bhun 3 % de OTI. I bhfianaise na héiginnteachta atá ann maidir le méid na mbeart agus lena nglacadh, ní dhéantar tionchar na mbeart is déanaí sin a mheas ag an bpointe seo.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[8], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,6 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnach, faoi 1,3 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí crapthach, faoi 0,7 % de OTI, in 2027.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[9], tháinig laghdú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Slóivéine ó 66,4 % de OTI ag deireadh 2024 go 65,7 % de OTI ag deireadh 2025. Léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais in 2025 difreálach rátaí fáis úis lena laghdaítear fiachas den chuid is mó. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 64,9 % faoi dheireadh 2026 agus go dtiocfaidh méadú air go 65,1 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais in 2026 difreálach rátaí fáis úis lena laghdaítear fiachas den chuid is mó agus coigeartú sreabhaidh i leith stoic lena laghdaítear fiachas.

---

8 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

9 Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.

(14) Ar bhonn shonraí Eurostat[10], 1,3 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Slóivéine ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 1,6 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,5 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[11].

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an tSlóivéin chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[12]. Ina measc sin tá laghdú neamhspriocdhírithe ar dhleachtanna máil ar dhíosal, ar ghásailín agus ar ola théimh a nglactar leis go mairfidh siad go dtí deireadh na bliana agus laghdú neamhspriocdhírithe ar cháin chomhshaoil ar dhé-ocsaíd charbóin ar dhíosal, ar ghásailín agus ar ola théimh a rachaidh in éag i mí an Mheithimh 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,2 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,3 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

---

10 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

11 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

12 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa tSlóivéin faoi 8,8 % in 2025 agus is fás carnach 13,2 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,4 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,5 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, is é píosa beag os cionn 0,3 % de OTI atá i gceist le diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa tSlóivéin faoi 7,2 % in 2026 agus gur fás carnach 21,3 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,2 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a moladh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,7 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, is é 1,2 % de OTI atá i gceist le diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais.

(18) An 3 Meitheamh 2026, ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE[13]. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid na Slóivéine maidir leis an gcritéar easnaimh, toisc go sáraíonn an t-easnamh rialtais ghinearálta atá beartaithe aici in 2026 an luach tagartha, arb é 3 % den OTI é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár chomhlíon an tSlóivéin critéar an easnaimh. An tráth céanna, ghníomhachtaigh an Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta don tSlóivéin agus mínítear go hiomlán an t-easnamh atá de bhreis ar an luach tagartha leis an méadú ar chaiteachas cosanta ó bhí 2021 ann, bunaithe ar Réamhaisnéis Earraigh 2026 ón gCoimisiún. Mar sin féin, cé go bhfuil an Coimisiún den tuairim nach bhfuil aon chás ann chun tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach don tSlóivéin ag an gcéim seo, tá éiginnteacht shuntasach fós ann maidir leis an ionchas fioscach do 2026 (*cf.* aithris 12). Mura ndéanfar bearta ceartaitheacha leordhóthanacha ar bhealach inchreidte tráthúil, is féidir go n-osclófar an nós imeachta um easnamh iomarcach le haghaidh na Slóivéine san fhómhar. Ina fhianaise sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, níl sé molta ag an gCoimisiún ag an bpointe seo tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach.

[13] Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 3.6.2026, COM(2026)302 final.

(19) Braitheann meascán cánach na Slóivéine go mór ar chánachas saothair, rud a chomhfhreagraíonn do 52 % den ioncam cánach iomlán in 2023. I gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois go tapa agus lucht saothair in aois oibre atá ag laghdú, tá riosca struchtúrach ag baint le spleáchas trom na Slóivéine ar chánacha saothair toisc gur féidir le ding chánach ard cruthú post a dhíspreagadh agus tionchar diúltach a imirt ar sholáthar saothair agus ar an iomaíochas. Faoi láthair, baineann an tSlóivéin úsáid theoranta as foinsí ioncaim nach bhfuil chomh saobhach céanna; gineann cánacha athfhillteacha talún ioncam atá go mór faoi bhun mheán an Aontais agus níl aon athchóiriú sa réimse sin curtha chun cinn. Níl creat ag an tSlóivéin chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht eacnamaíoch nó ar an ngá atá le hatarlú forleathan caiteachas cánach a chomhfhreagraíonn do 5,2 % de OTI in 2023. Dá ndéanfaí athbhreithniú córasach ar an gcaiteachas sin agus dá ndéanfaí coigeartuithe ar chánachas talún, leathnófaí an bonn cánach agus chruthófaí spás fioscach breise. Tríd an meascán cánach a athchothromú i dtreo foinsí atá níos fabhraí don fhás agus níos inbhuanaithe, maolaítear rioscaí struchtúracha agus tacaítear leis an inbhuanaitheacht fhioscach.

(20) Ní mór éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar na costais maidir le haosú atá ag ardú agus chun cáilíocht an airgeadais phoiblí a fheabhsú. Cé go bhfuil taithí ag an tSlóivéin ar anailísí caiteachais a dhéanamh, níl siad sin comhtháthaithe go córasach i bpróiseas an bhuiséid bhliantúil go fóill. Dá ndéanfaí athbhreithnithe caiteachais tráthrialta a institiúidiú sna réimsí caiteachais is mó, go háirithe an chosaint shóisialta (17,1 % de OTI), cúram sláinte (8 %), gnóthaí eacnamaíocha (5,7 %), agus an t-oideachas (5,5 %), d'éascófaí ath-leithdháileadh níos éifeachtaí acmhainní agus mhéadófaí cuntasacht. D'ainneoin méadú ar aistrithe sóisialta, tá méadú tagtha ar an ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta don cheathrú bliain as a chéile, rud a léiríonn go háirithe méadú ar ráta riosca na bochtaineachta i measc an daonra scothaosta, rud a léiríonn nach bhfuil ag éirí leis an gcóras freastal ar na daoine is leochailí. D'fhéadfaí gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach trí dhíriú níos fearr ar shochair shóisialta, trí thacaíocht ilroinnte do theaghlaigh a chomhchuibhiú agus trí aghaidh a thabhairt ar shochair saoire breoiteachta. Le meath déimeagrafach, daonra atá ag dul in aois agus rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán (cúram sláinte agus oideachas), méadaítear éagothromaíochtaí críochacha, rud a mbíonn tionchar aige go háirithe ar cheantair thuaithe. Ina theannta sin, cé go bhfuil infheistíochtaí poiblí fós ard, tá gá le feabhas a chur ar a gcomhdhéanamh agus ar a bpleanáil trí chomhar neartaithe idir údaráis náisiúnta agus áitiúla chun inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus chun tacú le hacmhainneacht fáis.

(21) Sa tSlóivéin, tá cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), tá sé chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an tSlóivéin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá an cur chun feidhme a neartú a thuilleadh i réimsí áirithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le scileanna, taighde agus nuálaíocht, oiriúnú don athrú aeráide, bainistiú uisce, agus soláthar seirbhísí áitiúla. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an tSlóivéin ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[14], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

(22) Tá roinnt dúshlán roimh an tSlóivéin a bhaineann leis an earnáil fuinnimh, iompar inbhuanaithe, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus an comhshaol, an timpeallacht ghnó, iomaíochas agus ganntanais lucht saothair.

[14] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(23) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: faoi 25 % ar a laghad i gcás gach cuideachta agus faoi 35 % ar a laghad i gcás FBManna. Tá uirlisí nua cruthaithe aige freisin chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don tSlóivéin beart a dhéanamh freisin. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, tá gá fós le comhar agus comhordú níos láidre ar fud na leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tuairiscítear gur srian ag 66 % de chuideachtaí í castacht na nósanna imeachta riaracháin agus iad i mbun gnó sa tSlóivéin[15]. Tá dúshláin struchtúracha fós ag cur isteach ar thimpeallacht ghnó na Slóivéine, agus tá ganntanas saothair agus scileanna, ualaigh rialála agus ualaigh chánach mar a bheadh srianta móra ar an infheistíocht agus ar an bhfás. Tá ualach ar leith fós ag baint le próisis cheadúcháin, lena mbaineann amlínte fada le haghaidh ceadanna tógála agus comhshaoil, leis an ngá atá leis na foirmiúlachtaí dlíthiúla a bhainistiú go fisiceach, agus le hidir-inoibritheacht theoranta na gclárlann digiteach. D’ainneoin dul chun cinn suntasach i ndigiteáil na seirbhísí poiblí, tá an tSlóivéin fós faoi bhun mheán an Aontais, agus tá roinnt dúshlán fós ann maidir le húsáideoir-lárnacht, idir-inoibritheacht agus athúsáid sonraí a áirithiú ar gach leibhéal rialtais. Tá bacainní rialála ar an Margadh Aonair, a dhéanann difear go háirithe do thrádáil seirbhísí trasteorann agus do ghairmeacha rialáilte áirithe, fós ann agus tá an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt orthu fós teoranta. I ndáil leis an méid sin, dá méadófaí raon feidhme, uaillmhian agus luas an tsimplithe rialála agus an nuachóirithe riaracháin, d’fhéadfaí feabhas a chur ar cháilíocht agus praghsanna a ísliú chomh maith le tacú le fás san fhadtéarma.

15 ‘Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas’, Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair 2025.

(24) Naisc phoiblí-phríobháideacha na Slóivéine sa taighde agus sa nuálaíocht (T&N) ó thaobh comhfhoilseachán de, tá siad fós beagán os cionn mheán an Aontais, ach tá deacrachtaí ag an tír táirgí rathúla a dhéanamh de thaighde den chéad scoth a dhéantar ann, agus d’fhéadfaí dul chun cinn breise a dhéanamh tríd an aistriú eolais a éascú agus trí thacaíocht airgeadais a ghnóthú don ghníomhaíocht T&F. Cé go bhfuil caiteachas gnólachtaí sa tSlóivéin sa réimse T&F cothrom le meán an Aontais, tá sé ag titim le 3 bliana anuas go 1,5 % de OTI, go háirithe i measc FBManna. Thairis sin, tá caiteachas poiblí na Slóivéine ar T&F fós chun deiridh ar mheán an Aontais 2024 (0,64 % i gcomparáid le 0,72 % de OTI) chomh maith leis an sprioc náisiúnta (1,25 %). Tá acmhainneachtaí nuálaíochta réigiúnacha á neartú go héifeachtach, cé go bhfuil infheistíocht T&F fós níos ísle agus torthaí táirgiúlachta fós níos laige i réigiúin áirithe, rud a chuireann srian ar an iomaíochas agus ar fhás atá spreagtha ag an nuálaíocht. Cé go bhfuil roinnt tionscnaimh dhearfacha ar siúl, lena n-áirítear tionscadail chistiúcháin straitéiseacha agus tacaíocht spriocdhírithe do thograí ardacmhainneachta, tá sé tábhachtach ionstraimí infheistíochta malartacha a imscaradh go héifeachtach, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, chun cumas nuálaíochta na Slóivéine a úsáid ina iomláine agus chun barr an chumais sin a bhaint amach. Tá iarrachtaí déanta ag an tSlóivéin feabhas a chur ar rialachas an T&N tríd an gcuid is mó de bheartais T&N a chomhdhlúthú in aon aireacht amháin, tríd an Acht um Ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a thabhairt cothrom le dáta agus trí shásraí comhordúcháin cothrománacha a chruthú chun tionscnaimh bheartais a chuíchóiriú, ar tionscnaimh iad a bhí mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine. Cé go bhfuil na hathchóirithe sin curtha chun feidhme, níl a dtionchar inbhraite go fóill, agus d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le gné faireacháin a chur leis na sásraí chun an dul chun cinn agus atreisiú a d’fhéadfadh a bheith ann a rianú. Ina theannta sin, níl cur chuige níos córasaí maidir le haistriú eolais i bhfeidhm go fóill, rud a d’fhéadfadh bac a chur ar thaighde acadúil ardcháilíochta a thiontú ina dtáirgí a bheadh inmharthana ó thaobh na tráchtála de.

(25) Bíonn gnólachtaí na Slóivéine ag brath den chuid is mó ar chreidmheas bainc mar gheall ar mhargadh caipitil na tíre nach bhfuil chomh forbartha sin agus rannpháirtíocht theoranta infheisteoirí institiúideacha náisiúnta i maoiniú cuideachtaí nuálacha agus gnólachtaí nuathionscanta. Níl earnálacha an chothromais phríobháidigh agus an chaipitil fiontair chomh haibí céanna lena gcontrapháirteanna Aontais, rud a chomhfhreagraíonn do 0,04 % agus 0,01 % de OTI i sócmhainní in 2024, faoi seach, i gcomparáid le meáin an Aontais, is é sin 0,46 % agus 0,06 % de OTI. Ina theannta sin, is gnách go mbíonn sciar mór de shócmhainní airgeadais theaghlaigh na Slóivéine in airgead tirim agus i dtaiscí acu, seachas infheistíocht a dhéanamh in ionstraimí airgeadais margadhbhunaithe. Tá leibhéal íseal sócmhainní ag an earnáil cistí pinsin, is é sin 7,1 % de OTI in 2024, an tríú leibhéal is ísle san Aontas. Ní mór an margadh maoiniúcháin neamhbhainc sa tSlóivéin a leathnú agus a éagsúlú chun infhaighteacht caipitil riosca a mhéadú agus chun borradh a chur faoin infheistíocht nuálach agus faoin iomaíochas fadtéarmach. Tá easpa tacaíochta i bhfoirm infheistíocht chothromais ó sholáthraithe pinsin ann chun maoiniú cothromais agus caipiteal fiontair a fhorbairt, rud is féidir cur le méadú ar phinsin fhorlíontacha agus atá tábhachtach d’fhás gnólachtaí nuathionscanta nuálacha.

(26) Is sciar suntasach (58 %) de mheascán fuinnimh na Slóivéine iad breoslaí iontaise, a n-allmhairítear cuid mhór díobh, rud a chuireann le praghsanna níos airde agus níos luainí. Déanann an méid sin difear don iomaíochas. Thairis sin, bhí ar an tSlóivéin a bheith ag brath ar aistriú staidrimh chun a sprioc náisiúnta maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach (25 %). D’ainneoin roinnt dul chun cinn, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun dlús a chur le rolladh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite ar fud na n-earnálacha uile, lena n-áirítear glacadh stórála fuinnimh, agus le cur chun feidhme beart éifeachtúlachta fuinnimh. Cé gur leanadh de na bearta éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe athchóiriú foirgneamh, a chur chun feidhme tríd an gcreat maoinithe náisiúnta agus trí chistí éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, le hiarrachtaí méadaithe na Slóivéine cuideofar le spriocanna fadtéarmacha straitéise athchóirithe a bhaint amach ar mhaithe le tomhaltas fuinnimh foirgneamh a laghdú.

(27) Nósanna imeachta ceadaithe agus riaracháin le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite ar scála na heangaí, lena n-áirítear suiteálacha gaoithe, tá siad fós ina scrogall mór d’fhoinsí in-athnuaite fuinnimh sa tSlóivéin. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an gcreat rialála a athchóiriú, is féidir le nósanna imeachta comhshaoil agus bardasacha maireachtáil ar feadh suas le roinnt blianta fós. Níl aon mhéadú ar thoilleadh cumhachta gaoithe taifeadta ag an tSlóivéin le breis agus 10 mbliana anuas, agus tá moill mhór tagtha ar imscaradh na hacmhainneachta fótavoltaí gréine nua in 2025 i gcomparáid leis na 3 bliana roimhe sin. Trí dhlúslimistéir a ainmniú le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite, i gcás ina ndéantar nósanna imeachta ceadaithe agus riaracháin a shimpliú agus a ghiorrú go héifeachtach, d’fhéadfaí cuidiú go mór le dlús a chur leis an imscaradh sin. Thairis sin, d’fhéadfadh fothú acmhainneachta i bhfoirm oiliúna agus acmhainní breise a bheadh ar fáil d’údaráis áitiúla dlús breise a chur le próiseáil iarrataí, chomh maith le cuidiú leis an gcur i gcoinne áitiúil a shárú. An tráth céanna, tá dúshláin mhóra maidir le haistriú cóir roimh réigiúin a bhfuil deireadh á chur de réir a chéile le gual acu, dúshláin a bhaineann le héagsúlú eacnamaíoch, le hathsciliú an lucht saothair agus le bonneagar fuinnimh ghlain a fhorbairt.

(28) Tá laghdú ag teacht ar shrianta eangaí anois, go háirithe ar an leibhéal dáileacháin, mar gheall ar chur chun feidhme na n-infheistíochtaí STA go páirteach. Mar sin féin, chun comhtháthú leanúnach foinsí in-athnuaite fuinnimh díláraithe a chothú, agus chun freastal an tráth céanna ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas ón leictriú, beidh gá le méadú mór ar infheistíochtaí eangaí, lena n-áirítear sa digitiú.

(29) Tá glacadh an iompair inbhuanaithe fós chun deiridh ar an gcuid eile den Aontas agus tá an spleáchas ar ghluaisteáin phríobháideacha fós an-ard. Tá an t-iompar de bhóthar fós ar an bpríomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa, truaillithe aeir agus ídithe fuinnimh san earnáil. Tá na luachanna sin uile os cionn mheán an Aontais. Tá céim chun cinn tugtha faoi chuimsiú an chórais dolaí acharbhunaithe le haghaidh feithiclí tromshaothair. Tá go leor infheistíochtaí móra iarnróid agus leictrea-shoghluaisteachta ar siúl faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus faoi chlár an bheartais comhtháthaithe. Mar sin féin, tá gá fós le haghaidh a thabhairt ar sholáthar agus glacadh inbhuanaithe iompair paisinéirí agus le leanúint ar aghaidh le hinfheistíochtaí i mbonneagar iarnróid athléimneach feadh na gconairí TEN-T, lena n-áirítear na codanna trasteorann agus línte iarnróid ardluais a ullmhú.

(30) Tá an tSlóivéin an-leochaileach agus is minic a bhíonn sí neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid, go háirithe tuilte, tonnta teasa, triomaigh agus dóiteáin foraoise, teagmhais atá scaipthe go míchothrom ar fud na réigiún agus a bhfuil tionchar diúltach acu ar gheilleagar agus ar shochaí na tíre. D’ainneoin na rioscaí atá ag dul i méid, tá ceann de na rátaí cumhdaigh árachais is ísle in aghaidh teagmhais fhoircneacha aimsire agus aeráide san Aontas fós ag an tSlóivéin, rud a fhágann bearnaí sa chosaint airgeadais agus a léiríonn gur gá úsáid agus glacadh sásraí árachais aeráide a leathnú. In 2025 ghlac an tSlóivéin Gníomh nua um an Aeráid, lenar neartaíodh go mór an creat rialachais um oiriúnú don athrú aeráide. Ghlac an tSlóivéin rialachán[16] freisin lena mbunaítear rialacha maidir le tógáil, úsáid talún, agus gníomhaíochtaí eile i limistéir ina dtarlaíonn tuilte go minic agus i limistéir ina dtarlaíonn creimeadh go minic. Mar sin féin, níl ansin ach tús an phróisis, agus tá cur chun feidhme éifeachtach na mbeartas gaolmhar fós ag titim ar gcúl ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá moill ar chur chun feidhme na mbeart cosanta ar thuilte, agus níl réitigh dhúlrabhunaithe imscartha go córasach ar fud na n-earnálacha uile go fóill. D’ainneoin iarrachtaí, tá dúshláin fós ann maidir le bonneagar uisce a nuachóiriú, éiceachórais fionnuisce ilroinnte a athbhunú, truailliú uisce a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar stádas an dúlra agus na n-éiceachóras sa tSlóivéin atá ag dul in olcas, rud a dhéanann athléimneacht aeráide, éiceachórais agus uisce na tíre a lagú go fóill.

[16] An Fhoraithne maidir le Coinníollacha agus Srianta le haghaidh Idirghabhálacha Spásúla agus Feidhmíocht Gníomhaíochtaí i Limistéir atá faoi Bhagairt ag Tuilte agus Creimeadh Gaolmhar Uiscí Intíre agus na Farraige.

(31) Baineann ganntanais leanúnacha lucht saothair agus mímheaitseálacha scileanna an bonn den infheistíocht agus den iomaíochas sa tSlóivéin. Tuairiscíonn thart ar leath de na cuideachtaí go bhfuil ganntanas foirne ann, agus tá rátaí folúntais os cionn mheán an Aontais. Cuireann an t-athrú déimeagrafach, dálaí oibre, bearnaí scileanna, agus mímheaitseálacha scileanna leis na ganntanais sin, go háirithe san oideachas, san earnáil cúraim, in TFC, san fhoirgníocht, agus i ngairmeacha eolaíocha agus teicniúla a éilíonn scileanna i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM). Tá bearnaí móra i scileanna digiteacha le sárú ag an tSlóivéin, agus tuairiscíonn 63,9 % de ghnólachtaí go bhfuil ganntanas scileanna TFC ann mar aon le litearthacht dhigiteach daoine fásta ag titim chun deiridh ar mheán an Aontais. Cuireann sé sin bac ar dhigitiú gnólachtaí agus cruthaíonn sé riosca d'fhorbairt caipitil dhaonna. Dá bhrí sin, tá gá le dreasachtaí chun litearthacht dhigiteach agus inniúlachtaí digiteacha a mhéadú. Ina theannta sin, sa suirbhé PISA is déanaí ó ECFE maidir le scileanna mac léinn léiríodh go bhfuil treocht laghdaitheach ag teacht ar an leibhéal bunscileanna agus sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise (ICILS) léiríodh go bhfuil litearthacht dhigiteach íseal ann. Cuirfear brú breise ar an margadh saothair má thagann ganntanais scileanna glasa chun cinn, agus réamh-mheastar gur poist ghlasa a bheidh in 40 % de na folúntais uile. Chun ganntanas lucht saothair a réiteach, bíonn an tSlóivéin ag brath ar oibrithe eachtracha a chomhfhreagraíonn do 16 % de lucht saothair na tíre agus réamh-mheastar gur 26 % de lucht saothair na tíre a bheidh iontu faoi 2030.[17] Ach tá dúshláin roimh an tSlóivéin maidir le hoibrithe ardcháilithe a mhealladh i gcomparáid le Ballstáit eile de chuid an Aontais, rud a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar thosca amhail leibhéil ioncaim, digitiú íseal agus cuimsiú san ionad oibre[18]. Tá nósanna imeachta riaracháin malla maidir le himirce lucht saothair, deacrachtaí maidir le haitheantas cáilíochtaí agus cuimsiú sóisialta fós ina mbacainn ar thallann a mhealladh, a earcú agus a choinneáil. Thairis sin, chun dul in oiriúint d'athruithe struchtúracha sa tsochaí, beidh sé ríthábhachtach an córas oideachais a ailíniú a thuilleadh le riachtanais mhargadh an tsaothair, leas iomlán a bhaint as lucht saothair oilte trí uirlisí beartais a sholáthar chun tacú leis an aistriú ó phost go post, lena n-áirítear oibrithe scothaosta agus oibrithe ar bheagán oiliúna, agus lánpháirtiú oibrithe imirceacha i margadh an tsaothair agus sa tsochaí a neartú.

---

17 Féach MoLFSAEO, Analiza razmer na trgu dela in rezultati srednje in dolgoročnih napovedi potreb trga dela do leta 2039, Deireadh Fómhair 2025.

18 Féach IMAD, Quality of Life Report – Development Report 2025.

(32) Cé go dtugtar le fios le sonraí níos déanaí ón suirbhé ar an bhfórsa saothair (SFS) go ndearnadh roinnt dul chun cinn idir 2022 agus 2024, tá rannpháirtíocht daoine fásta san oiliúint fós íseal agus go mór faoi bhun mheán an Aontais (Suirbhé ar Oideachas Aosach 2022, SI: 26,5 %, AE: 39,5 %), agus i bhfad faoi bhun sprioc náisiúnta 2030 na Slóivéine, is é sin 60 %. Tá sé ríthábhachtach foghlaim agus oiliúint ar feadh an tsaoil a leathnú chun an pobal fásta ar fad a chumhdach, lena n-áirítear i measc grúpaí leochaileacha. Tháinig laghdú breise in 2025 ar chéatadán na ndaoine fásta Slóivéanacha a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu go 46,5 % (AE 60,4 %) agus tá sé sin ag cur moill ar an aistriú digiteach. Tá gealltanas tugtha ag an tSlóivéin Plean Gníomhaíochta um Scileanna ar fud na tíre a fhorbairt; mar sin féin, tá ullmhúchán an phlean fós ag céim luath, rud a fhágann go bhfuil sé róluath fós measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige.

(33) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(34) Mar chuid den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig athchóiriú pá na hearnála poiblí sa tSlóivéin i bhfeidhm i mí Eanáir 2025, rud a mhéadaigh pá na hearnála poiblí de réir a chéile, lena n-áirítear pá do chúram sláinte, d'oibrithe cúraim fhadtéarmaigh agus do mhúinteoirí. In éineacht leis an athchóiriú pá, tugadh liúntas geimhridh nua isteach i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus tháinig méadú 16 % ar an bpá íosta náisiúnta i mí Eanáir 2026. In 2024, thug an tSlóivéin bearta isteach freisin chun feabhas a chur ar sholáthar foirne agus ar dhálaí oibre i gcúram sláinte, i gcúram fadtéarmach agus i gcúram sóisialta amhail scoláireachtaí le haghaidh gairmeacha sláinte agus oibre sóisialta, lena n-éascaítear aitheantas cáilíochtaí gairmiúla le haghaidh gairmithe cúraim sláinte eachtracha, agus clár píolótach intéirneachta le haghaidh altraí-cúramóirí (2024–2026) ach tá roinnt de na bearta sin fós le cur chun feidhme ina n-iomláine. Mar sin féin, tá ganntanas lucht saothair agus scileanna fós ann, agus tuairiscíonn thart ar 80 % d'fhostóirí sna hearnálacha sin go bhfuil deacrachtaí acu oibrithe a aimsiú, rud a chuireann bac ar rochtain agus ar sholáthar éifeachtach seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear i réigiúin atá á mbánú. Tá sciar íseal d'oibrithe sláinte agus d'oibrithe cúraim shóisialta san fhostaíocht iomlán ag an tSlóivéin cheana i gcomparáid le meán ECFE (7.8 % i gcomparáid le 10.9 %, sonraí 2023) agus níos lú altraí agus dochtúirí in aghaidh an áitritheora ná meán an Aontais[19]. Tá dálaí oibre in earnáil an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh dúshlánach mar gheall ar ualach ard oibre an phearsanra atá ann faoi láthair, lena n-áirítear uaireanta oibre níos faide, sealanna oibre agus obair oíche, rud a chuireann le brú breise fisiceach agus mothúchánach agus le níos mó saoire bhreoiteachta[20]. Gan gníomhaíocht beartais phráinneach, meastar go rachaidh cúrsaí in olcas mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, scor foirne agus eis-sreabhadh oibrithe cúraim chuig tíortha eachtracha nó chuig gairmeacha eile. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ghlac an rialtas Straitéis lena mbunaítear creat cuimsitheach chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach an lucht saothair cúraim sláinte a neartú, a fhorbairt agus a áirithiú. Tá ganntanas i ngairm na múinteoireachta freisin, go príomha mar gheall ar ghradam íseal na gairme chomh maith leis an ualach riaracháin.

19 Faoi shainmhíniú nuaghlactha Eurostat ar altraí (sna sála ar Threoir 2005/36/CE ón Aontas maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint), tá uimhreacha dlúis altraí i bhfad níos ísle ná uimhreacha lena mbaintear leas as sainmhíniú níos leithne, mar shampla, mar a úsáidtear le haghaidh staidreamh sláinte ECFE.

20 De réir Institiúid Árachais Sláinte na Slóivéine, ba é 8,6 lá an meánchaillteanas laethanta oibre in aghaidh an fhostaí mar gheall ar shaoire bhreoiteachta in 2025 agus ba é 6,97 % an ráta neamhláithreachta. Sa tuarascáil chríochnaitheach ar chur chun cinn gairmeacha cúraim fhadtéarmaigh ón Aireacht Sláinte (2024) léirítear go n-oibríonn 40 % den phearsanra níos mó ná 41 uair an chloig in aghaidh na seachtaine sa chúram fadtéarmach, agus go n-oibríonn 10 % eile den phearsanra níos mó ná 46 uair an chloig in aghaidh na seachtaine.

(35) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Slóivéine, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an ochtú moladh agus an naoú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

(36) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an tSlóivéin in 2026, d’fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSlóivéin in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Gníomhaíocht a dhéanamh chun glanchaiteachas a rialú ionas go n-urramófar leis na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, i bhfianaise an diallta a taifeadadh in 2025 agus an diallta ábhartha a réamh-mheasann an Coimisiún don bhliain 2026 *vis-à-vis* an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar, agus úsáid á baint ag an am céanna as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. An t-ioncam ó chánacha a athchothromú ionas gur mó a bheidh foinsí inbhuanaithe lena gcothófaí fás i gceist. Feabhas a chur ar éifeachtacht an chaiteachais phoiblí, go háirithe trí athbhreithnithe ar an gcaiteachas a chur chun feidhme sna réimsí caiteachais is mó.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarbh iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, lena n-áirítear i seirbhísí áirithe agus i ngairmeacha rialáilte, chomh maith le bacainní ar thrádáil seirbhísí a laghdú. Iomaíochas a neartú trí fhuinneamh gnó agus cruthú cuideachtaí ardfháis a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar na dálaí le haghaidh infheistíocht chothromais, lena n-áirítear infheistíocht caipitil fiontair, d’infheisteoirí institiúideacha, agus d’infheistíochtaí i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht, agus éagothromaíochtaí críochacha in T&N agus sa táirgiúlacht á gcur san áireamh. Dlús a chur le digiteáil seirbhísí poiblí, lena n-áirítear trí idir-inoibritheacht agus athúsáid sonraí fheabhsaithe.

4. Dlús a chur le rolladh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus stóráil fuinnimh, lena n-áirítear trí nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a chuíchóiriú agus a bhrostú. Bonneagar na heangaí leictreachais a neartú ar an leibhéal dáileacháin agus comhpháirteanna eangaí cliste a thabhairt isteach. Ina theannta sin, dlús a chur le cur chun feidhme beart éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe san earnáil tógála. Leictriú agus digitiú na hearnála iompair a chur chun cinn agus infheistíochtaí a dhíriú ar an iompar inbhuanaithe, go háirithe ar an ngréasán iarnróid TEN-T agus ar fhorbairt na soghluaisteachta uirbí agus an iompair paisinéirí, agus éagothromaíochtaí críochacha á gcur san áireamh. Athléimneacht aeráide, éiceachórais agus uisce a neartú a thuilleadh trí bhearta spriocdhírithe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, le caomhnú an dúlra agus maidir leis an gcomhshaol a chur chun feidhme.

5. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair trí sholáthar agus sealbhú scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú, lena n-áirítear bunscileanna i measc daltaí, tríd an gcóras oideachais a ailíniú a thuilleadh le riachtanais mhargadh an tsaothair. Dlús a chur le nósanna imeachta maidir le ceadanna oibre agus aitheantas cáilíochtaí le haghaidh oibrithe eachtracha, lena n-áirítear oibrithe ardoilte. Borradh a chur faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, faoin uas-sciliú agus faoin athsciliú do dhaoine fásta, lena n-áirítear maidir le bunscileanna digiteacha. Leanúint d’fheabhas a chur ar dhálaí oibre neamhphá agus ar tharraingteacht, go háirithe in earnálacha an chúraim sláinte, an chúraim shóisialta agus fhadtéarmaigh agus an teagaisc.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*